

## Siúlóid na hOllscoile


Tosaíonn an siúlóid ag Cearnóg Daunt ag Painéal Faisnéise 1. Lean ort ar Shráid an Chapaill Bhuí chomh fada le Páirc an Easpaig Uí Luasaigh. Téigh de shiúl trí Pháirc an Easpaig Uí Luasaigh go dtí an Príomhshráid Theas agus chuig Painéal Faisnéise 2.

I ndiaidh Léigir Chorcaí i 1690, déanadh An Ardeaglais a atógáil i 1725 agus bhí cáil ar an túr claonta a bhí uirthi (a baineadh anuas in 1828), agus is as seo a d’eascair an ráiteas áitiúil, ‘Chomh com le tús na hArdeaglaise’. Déanadh tochailt seandálaíochta ag an Ardeaglais i Samhain-Nollaig 2009 mar chuid de na hoibreacha athchóirithe is déanaí. Déanadh caoga dó adhlacadh ar fad a thairfead agus a thochailt. Déanadh dhá adhlacadh a thochailt sa uaimh, déanadh 13 adhlacadh a thairfead sna trinsí sa Chúlbhá agus ina timpeall agus bhí na 37 adhlacadh a bhí fágtha laistigh den Bheistrí. Tá an Phríomhshráid Theas ar cheann de na sráideanna is sine sa Chathair le cuid de na lánáí ann chomh fada siar le Cathair múrtha Chorcaí sna meánaoiseanna. Ar na pearsa stairiúla a shiúil anseo bhí an file Edmund Spencer (agus b’fhéidir gur pósadh san Ardeaglais freisin é), an taiscéaláí Sir Walter Raleigh, agus an pearsa conspóideach Oliver Cromwell. Ar theacht go Sráid Washington duit, tabharfaidh tú ascaill leathan faoi deara ar féidir léi freastal ar líon mór tráchta. Ba d’aon ghnó a déanadh an dearadh seo i mblianta tosaigh an naoú haois déag, i bhfad i ndiaidh do sheanbhallaí na Cathrach a bheith bainte anuas.

Lean ort ó thuaidh ar an bPríomhshráid Theas. Cas ar clé chuig Sráid Washington agus lean ort chomh fada le Painéal Faisnéise 3.

Sara bhfágann tú Teach na Cúirte, féach ar an mbratcrann ar bharr an chruinneacháin. Nuair a chuaigh an foirgneamh trí thine in 1895, chruinnigh slua lasmuigh agus na gártha molta acu nuair a bhain na lasracha amach an Union Jack a bhí ar foluain ar bharr an bhratcrainn. Bhí cur síos ar an eachtra seo i nuachtáin na Breataine, agus spreag sé dán cáiliúil Rudyard Kipling, ‘The English Flag’. In aice láimhe, téann Sráid Hanover comhthromhar le Sráid Washington. Is ag ceann theas Sráid Hanover a sheas Teilgcheárta Iarainn Hive, ar dhéantúsóir tábhachtach é sa naoú haois déag é. I ndeireadh thiar, chuaigh an Hanover Shoe Company, fostóir aithnidiúil áitiúil, i mbun chuid d’fhoirgneamh Hive, suite ar thailte ar a dtugtar Plás na Banríona, díreach siar ó Dhroichead an Chléirigh.

Lean ort ar Shráid Washington chomh fada le Painéal Faisnéise 4.



Uair dá raibh, ba é seo an príomhbhóthar ó Chathair Chorcaí go Contae Chiarraí. Nuair a bhíonn tú ag siúl i dtreo gheataí An Coláiste Ollscoile, Corcaigh, tabhair faoi deara go mbíodh tramanna na Cathrach ag dul sa treo seo. Ag an gceann aistir iarnróid d’Iarnród Éadrom Chorcaí agus Mhúscraí, suite ar an taobh ó dheas de chainéal na habhann, bhí locaí eallach agus botháin d’innill, d’earraí agus do charráistí.

Thaisteal an Banríon Victoria ar an mbealach seo freisin, i gcarráiste, le linn di turas a thabhairt ar Éirinn in 1849. Le linn di stop ar feadh tamaill ghairid ar Bhóthar an Iarthair, chonaic Victoria

dealbh á nochtadh ar bharr Phríomhchearnóige na hOllscoile a ainmníodh as a hainm, Coláiste na Banríona, Corcaigh. Tá an radharc a bhí aici ar an Ollscoil chomh hiontach inniu agus a bhí nuair a osclaíodh an Ollscoil ar dtús.

Lean ort ar Ché Lancaster/Bóthar an Iarthair chomh fada le Painéal Faisnéise 5, atá suite díreach laistigh de phríomhgeataí An Coláiste Ollscoile, Corcaigh.

Agus tú ag dul isteach go campas na hOllscoile, tabharfaidh tú faoi deara líon mór foirgneamh aolchloiche, a thugann a sainstíl

ailtireachta féin don Ollscoil. Tógadh an Ollscoil bhunaidh ar aill aolchloiche os cionn na Laoi, rud a d’fhág go raibh an suíomh tarraingteach do lucht pleanála. Cheadaigh an chloch cairéalú tapaigh agus saor, agus bhí airde an láithreáin taitneamhach don tsuíl. Ar theorainn thiar na hOllscoile bhí an Príosún Contae, leis an Laoi ar an taobh ó thuaidh, le Bóthar an Choláiste an lae inniu ar an taobh theas, agus le himeall shealúchas Diúc Devonshire ag Mainistir Ghiolla Aodha ar an taobh thoir. Tá cros Ceilteach mar chiuimhneachán ar Chogadh na mBórách ar Ascaill Chonnacht, in aice le Sráid Mhainistir Ghiolla Aodha.

De réir mar a théann tú trasna an droichid choise agus isteach ar thailte na hOllscoile, tá an Foirgneamh Tíreolaíochta ar thaobh na láimhe clé. Ba é foirgneamh na hEolaíochta Déiríochta a thugtar ar dtús air, a d’oscail i 1928 agus b’ionann é agus naisc a fhorbairt idir an earnáil talmhaíochta agus Ollscoil na hÉireann. Ar thaobh na láimhe deise, tá Gailearaí Lewis Glucksman.

Ag dul thar Ghairdín an Uachtaráin duit tiocfaidh tú ar spás oscailte os comhair Shéipéal Uí Eonáin. Is léiriú é an Séipéal ar cheardaíocht Éireannach den scoth, ar a n-áirítear mionobair cloiche agus adhmaadóireachta, tileanna mósáice, agus fuinneoga daite Harry Clarke. Le hais an tSéipéil, tá Foirgneamh Alfred O’Rahilly do na Daonnachtaí. Tá seo ann in ionad Berkeley Hall, ar a dtugtar Honan Hostel freisin air, a thug cóiríocht do na glúnta mac léinn lena linn. Sna blianta tosaigh, bhí an achar atá soir ó Phríomhchearnóg na hOllscoile oscailte agus é líonta le heiseamail éagsúla ghairdín na lus. De réir mar a mhéadaigh líon na mac léinn, tógadh struchtúir nua le freastal ar riachtanais na hOllscoile.

Lean ort ar phríomhAscaill an Choláiste agus cas ar clé nuair a thugann an comhartha méar eolas a leithéid le fios. Lean ort chomh fada le Painéal Faisnéise 6. Lean ort chomh fada le Painéal Faisnéise 6.

Sara bhfágann tú an Príomhchearnóg, féach in airde ar bhinn thoir an fhoirgnimh. Rinne an dealbhóir cáiliúil as Corcaigh, Séamus Murphy, dearadh ar shéadchomhartha Fhionnbharra. Cuireadh ann é in ionad dealbh den Bhanríon Victoria, a baineadh as sna 1930dí mar thoradh ar mheon an náisiúnachais in Éirinn nach raibh ach tar éis neamhspleáchas a bhaint amach. Cuireadh Dealbh na Banríona Victoria ar stóras, ach ba dheacair freastal ar a méid agus ar a throime a bhí sí. I 1946, bheartaigh údarás an Choláiste an dealbh a adhlacadh i nGairdín an Uachtaráin, san achar oscailte idir an Príomhchearnóg agus Áras na Mac Léinn. Athnochtadh an dealbh i 1994, cuireadh ar taispeáint go poiblí é, agus chonaic an Banríon Eilís II é agus cuairt á thabhairt ar Chorcaigh aici i 2011. Nuair a bhíonn an Príomhchearnóg á fhágáil agat, bí cinnte go seachnaíonn tú an phlásóg!

Lean ort ar chosán atá in aice le Foirgneamh na Príomhchearnóige. Lean ort tríd an stua agus cas ar clé. Amach leat as tailte An Coláiste Ollscoile, Corcaigh. \*

Agus aire á thabhairt agat don trácht, féach go grinn ar phlaic Shéamus Murphy ar an mbealach isteach chuig Seanphríosún Contae Chorcaí agus bíodh léirthiscint agat ar an gcló nua-aoiseach a úsáideadh. In aice láimhe tabharfaidh tú faoi

deara freisin séadchomhartha de chloch atá i bhfad níos simplí (agus neamhoifigiúil) atá tiomnaithe do John Joe Kavanagh. I 1940, maraíodh é nuair a lámhachadh é agus iarracht á dhéanamh aige tollán a dhéanamh isteach sa Phríosún d’fhonn na príosúnaigh Poblachtánacha laistigh a shaoradh. Bhí seo ar cheann den iliomad iarracht a déanadh ar éalú ón bpríosún. Tabhair faoi deara an áit os cionn na slí isteach chuig Príosún Contae Chorcaí. Sular leagadh an Príosún, bhí fuinneoga na gillíní le feiceáil ag daoine ag siúl lasmuigh. Nuair a bhí an Príosún ag feidhmiú, ba mhínic a chruinnigh cairde agus gaolta anseo le teachtaireachtaí a ghlaoch amach chuig na príosúnaigh. Le linn Cogadh na Talún ag deireadh an naoú haois déag, bhíodh bannaí práis a bhí báil ag seinm ar an mbóthar seo anois agus arís le siamsaíocht a chur ar fáil do na príosúnaigh pholaitiúla. Rinne na bannaí roinnt de na príosúnaigh nua a thionlacan óna dtithe go geataí an Phríosúin, nó iad a thionlacan abhaile nuair a scaoilf amach iad, ar thuras é a mbíodh níos mó gliondair ag baint leis.

Téigh trasna ar Dhroichead an Phríosúin chomh fada le Painéal Faisnéise 7.

Agus cuairt á thabhairt aige ar an gCathair in 1833, iarradh ar an innealtóir Sir Isambard Brunell, a raibh cáil domhanda air, droichead a dhearadh le rochtain a sholáthar ar an bPríosún Contae ó Bhóthar an Iarthair a bhí nuafhorbartha. Cé nach raibh sé i gCorcaigh ach lá agus oíche, chuir sé pleananna do dhroichead i láthair sular fhág sé. Osclaíodh a Dhroichead chuig an bPríosún in 1835, agus trasnaíonn sé sruth theas na Laoi go dtí an lá atá inniu ann.

Lean ort chomh fada leis an acomhal le Bóthar an Iarthair. Cas ar clé agus lean ort chomh fada leis an trasian coisithe. Téigh trasna anseo agus cas ar clé. Tóg an chéad chasadh ar dheis go Siúlán na bhFarantóir. Lean ort chomh fada le Painéal Faisnéise 8.

Siúlán Ferry a thugtar ar an lána os do chomhair, ón am a mbíodh bád farantóireachta ag trasnú na Laoi sular tógadh Droichead ‘chreathach’ Uí Dhálaigh i 1926. Seo é an t-aon droichead crochta atá i gCorcaigh. Siar le hais Siúlán na Muirdíge atá Láthair na Muirdíge, ar ionad spóirt laistigh do mhic léinn é ar leis an gColáiste Ollscoile, Corcaigh é. Níos faide anonn tá tailte iomráiteacha lúthchleasaíochta na Muirdíge. Ar mhórcáidí spóirt, bheadh na céadta den lucht féachana, nach mbeadh in ann nó nach mbeadh sásta ticéad a cheannach, lasmuigh den staidiam, in airde ar chrainn,

